**CINNEADH (CBES) 2021/2133 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 2 Nollaig 2021**

**lena dtacaítear leis an gclár cuimsitheach chun tacú le hiarrachtaí Gáinneáil Aindleathach Mionarm agus Armán éadrom (SALW) agus Gnáth-Armlóin (CA) a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha ("SALW") mar aon lena n-armlón, dar teideal "Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a chosaint" ("Straitéis SALW an Aontais").

(2) Le breis agus 30 bliain anuas, tá stáit in Oirdheisceart na hEorpa ag tabhairt aghaidh ar rioscaí agus dúshláin shuntasacha a bhaineann le carnadh díchobhsaitheach agus leathadh neamhrialaithe Mionarm agus Armán Éadrom (SALW) agus Gnáth-armlóin (CA) thar a dteorainneacha agus ar fud a gcríoch. Tá impleachtaí diúltacha níos leithne ag na rioscaí sin don Eoraip ar fad, agus níos faide i gcéin. Luaitear i Straitéis SALW an Aontais gurb amhlaidh, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta le blianta beaga anuas, go háirithe in oirdheisceart na hEorpa, go bhfuil teorainn i gcónaí le héifeachtacht iarrachtaí rialaithe arm tine mar aon le mionarm agus armán éadrom i gcodanna de na Balcáin Thiar i ngeall ar scála an charntha mionarm agus armán éadrom agus armlóin, coinníollacha stórála neamhleora, seilbh aindleathach fhorleathan agus bearnaí ó thaobh cur chun feidhme de.

(3) Ar an leibhéal réigiúnach, cuirtear de cheangal ar an Aontas agus a Bhallstáit le Straitéis SALW an Aontais cúnamh a chur ar fáil chun cumais forfheidhmithe dlí a neartú chun líonraí gáinneála a shainaithint, cur isteach orthu agus iad a thoirmeasc, agus chun cosc a chur ar sceimhlitheoirí agus coirpigh airm thine a fháil ar an margadh aindleathach, *inter alia* trí bhac a chur le maoiniú agus iompar aindleathach arm agus trí ról póilíní teorann, custaim agus údarás calafoirt a fheabhsú i dtaca le dul i ngleic le sreafaí aindleathacha arm arna n-iompar ar muir. Geallann an tAontas agus a Bhallstáit go gcuideoidh siad le tíortha eile feabhas a chur ar bhainistiú agus ar shlándáil stoc-charn atá i seilbh an stáit trí na creata reachtacha agus riaracháin náisiúnta a neartú, agus trí na hinstitiúidí náisiúnta a rialaíonn soláthar dlisteanach agus bainistiú stoc-charn mionarm agus armán éadrom agus armlóin le haghaidh fórsaí cosanta agus slándála a neartú.

(4) I gcomhréir le Straitéis SALW an Aontais, neartóidh an tAontas a idirphlé agus a chomhar le heagraíochtaí réigiúnacha a oibríonn ar rialú mionarm agus mionarm éadrom, trína chuid gníomhaíochtaí a ailíniú le straitéisí réigiúnacha agus pleananna gníomhaíochta réigiúnacha.

(5) In 2000, ghlac na Stáit a bhí rannpháirteach san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) Doiciméad ESCE maidir le mionairm agus armáin éadroma ([1]), lenar thug siad gealltanas gach gné de gháinneáil aindleathach mionarm agus armán éadrom a chomhrac. Cuirtear i dtábhacht sa doiciméad sin freisin na héifeachtaí díchobhsaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ag carnadh iomarcach mionarm agus armán éadrom agus ag bainistiú agus slándáil easnamhach stoc-charn mionarm agus armán éadrom ar an tslándáil náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta.

(6) Ina theannta sin, in 2003, ghlac na Stáit a bhí rannpháirteach san ESCE Doiciméad ESCE maidir le Stoc-Chairn Ghnáth-Armlóin ([2]) agus tugadh aitheantas ar an gcaoi sin do na rioscaí slándála agus sábháilteachta a bhaineann le carnadh iomarcach gnáth-armlóin. Chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, chinn siad nós imeachta praiticiúil a bhunú chun cúnamh a sholáthar chun barrachas gnáth-armlóin a scriosadh agus/nó chun bainistiú stoc-charn agus cleachtais slándála a uasghrádú.

(7) I ndoiciméid ESCE maidir le SALW agus stoc-chairn CA, sainaithnítear scriosadh mar an modh is fearr chun barrachas mionarm agus SALW a dhiúscairt.

([1]) FSC.DOC/1/00/Rev.1
([2]) FSC.DOC/1/03/Rev.1

(8) Leis an tionscadal a fhaigheann tacaíocht ón gCinneadh seo ón gComhairle, cuirfear san áireamh tionscnaimh réigiúnacha eile, go háirithe Treochlár na mBalcán Thiar ([3]), obair Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP)/Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) agus gníomhaíochtaí ábhartha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh in Oirdheisceart na hEorpa a bhaineann le rialú arm agus gáinneáil aindleathach arm.

Déanfar an tionscadal i gcomhordú le cúnamh gaolmhar an Aontais do dhlínsí in Oirdheisceart na hEorpa (Cinntí (CBES) 2018/101 ([4]) agus (CBES) 2017/915 ón gComhairle ([5])), an comhar réigiúnach leis na Balcáin Thiar i réimse rialú mionarm agus armán éadrom arna chur chun feidhme ag UNDP/SEESAC (Cinntí (CBES) 2019/2111 ([6]), (CBES) 2018/1788 ([7]) agus (CBES) 2016/2356 ón gComhairle ([8])), agus comhar forfheidhmithe dlí AE-Oirdheisceart na hEorpa i réimse na gáinneála arm tine le tacaíocht ó DG HOME an Choimisiúin Eorpaigh, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus ón Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla).

(9) Roimhe seo, thacaigh an tAontas le gníomhaíochtaí de chuid ESCE trí bhíthin Chinneadh 2012/662/CBES ón gComhairle ([9]) lena dtacaítear le gníomhaíochtaí chun an riosca a bhaineann le trádáil aindleathach agus carnadh iomarcach mionarm agus armán éadrom a laghdú sa réigiún a chumhdaítear le ESCE. An 4 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1424 lena dtacaítear le gníomhaíochtaí ESCE chun an riosca a bhaineann le gáinneáil aindleathach agus carnadh iomarcach mionarm agus arm éadrom agus gnáth-armlóin i bPoblacht na Macadóine Thuaidh agus sa tSeoirsia ([10]) a laghdú. An 2 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/2009 ([11]) lena dtacaítear le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar armáin, armlón agus pléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE.

(10) An 30 Meitheamh 2018, ag an tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gCur Chun Feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe i gcoinne Mionarmán agus Arm Éadrom Aindleathach, glacadh doiciméad deiridh ina ndearna na Stáit athnuachan ar a ngealltanas atreorú mionarm agus arm éadrom a chosc agus a chomhrac. D'athdhearbhaigh na Stáit go bhfuil siad toilteanach leanúint de chomhar idirnáisiúnta agus comhar réigiúnach a threisiú trí chomhordú, comhairliúchán, malartú faisnéise agus comhar oibríochtúil feabhsaithe, ina bhfuil eagraíochtaí ábhartha réigiúnacha agus foréigiúnacha páirteach, chomh maith le húdaráis forfheidhmithe dlí, rialaithe teorann agus ceadúnaithe onnmhairithe agus allmhairithe.

(11) Dearbhaítear le rún an 25 Meán Fómhair 2015 de chuid Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe dar teideal "Ár ndomhan á chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe" nach mór cur i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus in armáin éadroma chun go leor de na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tsíocháin, leis an gceartas agus le hinstitiúidí láidre, leis an mbochtaineacht a laghdú, leis an bhfás eacnamaíoch, leis an tsláinte, le comhionannas inscne agus le cathracha sábháilte. Dá bhrí sin, i Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16.4 de, gheall na Stáit uile go bhféachfaidís leis na sreafaí aindleathacha airgeadais agus arm a laghdú go suntasach.

---

([3]) An 10 Iúil 2018, ghlac Cruinniú Mullaigh na mBalcán Thiar i Londain '*Regional Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse and trafficking of SALW/firearms and their ammunition in the Western Balkans by 2024*' [Treochlár réigiúnach chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil mionarm agus arm éadrom/arm tine agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2024].

([4]) Cinneadh (CBES) 2018/101 an 22 Eanáir 2018 ón gComhairle maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 17, 23.1.2018, lch. 40).

([5]) Cinneadh (CBES) 2017/915 an 29 Bealtaine 2017 ón gComhairle maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38).

([6]) Cinneadh (CBES) 2019/2111 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 chun tacú le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa lena laghdaítear an bhagairt a bhaineann le mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón (IO L 318, 10.12.2019, lch. 147).

([7]) Cinneadh (CBES) 2018/1788 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 chun tacú le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) chun an Treochlár Réigiúnach maidir le gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac sna Balcáin Thiar a chur chun feidhme (IO L 293, 20.11.2018, lch. 11).

([8]) Cinneadh (CBES) 2016/2356 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 chun tacú le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa faoi chuimsiú Straitéis an Aontais chun carnadh agus gáinneáil aindleathach mionarm agus armán éadrom agus a n-armlón a chomhrac (IO L 348, 21.12.2016, lch. 60).

([9]) Cinneadh 2012/662/CBES ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena dtacaítear le gníomhaíochtaí chun an riosca a bhaineann le trádáil aindleathach agus carnadh iomarcach mionarm agus armán éadrom sa réigiún a chumhdaítear leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) (IO L 297, 26.10.2012, lch. 29).

([10]) IO L 204, 5.8.2017, lch. 82.

([11]) Cinneadh (CBES) 2019/2009 ón gComhairle an 2 Nollaig 2019 lena dtacaítear le hiarrachtaí na hÚcráine gáinneáil aindleathach ar airm, ar armlón agus ar phléascáin a chomhrac, i gcomhar le ESCE (IO L 312, 3.12.2019, lgh. 42).

(12) Sa Chlár Oibre uaidh um Dhí-armáil dar teideal '*Securing our Common Future*' [Ár dTodhchaí Choiteann a Shlánú], a cuireadh i láthair an 24 Bealtaine 2018, d'iarr Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go dtabharfaí aghaidh ar charnadh iomarcach agus trádáil aindleathach gnáth-arm agus d'iarr sé go dtacófaí le cineálacha cur chuige ar leibhéal na tíre maidir le mionairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. D'fhonn Straitéis an Aontais i gcoinne SALW a chur chun feidhme, is é is cuspóir don Chinneadh seo na rioscaí a bhaineann le gáinneáil aindleathach agus leathadh neamhrialaithe mionarm agus armán éadrom in, go, nó ó Oirdheisceart na hEorpa a laghdú, ar rioscaí iad a bhaineann an bonn den tsábháilteacht agus den tslándáil trí bhac a chur ar chothú inbhuanaithe na síochána agus ar fhorbairt shocheacnamaíoch agus cur le cliseadh ar an ord poiblí, lena ngríosaítear sceimhlitheoireacht agus foréigean coiriúil nó lena n-atosaítear coinbhleachtaí.

2. De bhun mhír 1, is iad seo a leanas cuspóirí an Chinnidh seo:

a) an riosca a bhaineann le leathadh agus mí-úsáid SALW i bPoblacht na hAlbáine a laghdú;

b) tacú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin chun na rioscaí slándála agus sábháilteachta a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil mionarm agus armán éadrom agus a n-armlón a mhaolú;

c) tacú le cumas K-9 Phóilíneacht na Cosaive * atá ann cheana a neartú, mar aon lena rannchuidiú díreach i leith cosc, díchur agus imscrúdú SALW, armlóin, agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil sna Balcáin Thiar;

d) an riosca a bhaineann le leathadh armán agus mí-úsáid SALW i bPoblacht na Macadóine Thuaidh a laghdú, trí chosc, brath, anailís agus acmhainneacht imscrúdaitheach na hAireachta Gnóthaí Baile agus eagraíochtaí eile rialtais a mhéadú;

e) an riosca go ndéanfaí pléascáin gan choinne ag láithreáin mhuinisean a laghdú agus atreorú SALW/stoc-charn gnáth-armlóin ó Aireacht Cosanta láithreáin stórála Mhontainéagró a laghdú;

f) rioscaí sábháilteachta agus slándála a laghdú a bhaineann le SALW i seilbh neamhdhleathach, mí-úsáidí SALW agus gáinneáil aindleathach SALW sa tSeirbia;

g) cuidiú le Stáit rannpháirteacha ESCE a ngealltanais i gcoinne leathadh aindleathach SALW/stoc-charn gnáth-airm a phleanáil, a chur chun feidhme, agus más gá, a neartú, ar bhealach níos fearr.

3. Is iad seo a leanas tairbhithe an tionscadail:

a) údaráis in Oirdheisceart na hEorpa ar tugadh sainordú dóibh chun gáinneáil aindleathach SALW agus CA a chosc agus a chomhrac agus atá freagrach as an méid sin, eadhon coimisiúin/boird SALW, na hAireachtaí Gnóthaí Baile agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí amhail na póilíní. I measc na n-údarás eile a bheidh ag plé leis an tionscadal, tá na hAireachtaí Slándála, oifigí ionchúisitheoirí, cúirteanna agus seirbhísí peannadlainne sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin chomh maith leis an Aireacht Cosanta i Montainéagró. Sa tSeirbia, foráiltear leis an tionscadal freisin go rachfar i mbun plé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a mbíonn saincheisteanna rialaithe SALW (tairbhithe díreacha) faoina gcúram;

b) na pobail dlínsí in Oirdheisceart na hEorpa agus a chomharsanacht Eorpach atá i mbaol mar gheall ar úsáid SALW aindleathach agus CA aindleathaigh i ngníomhaíochtaí coiriúla, i sceimhlitheoireacht agus i mí-úsáid fhoréigneach (tairbhithe indíreacha);

c) údaráis shainordaithe san Aontas agus sna Ballstáit a thairbhíonn d'acmhainneachtaí feabhsaithe um rialú SALW agus CA in Oirdheisceart na hEorpa trí, *inter alia*, malartuithe faisnéise feabhasaithe, mar aon le bearta comhordaithe agus comhair amhail sainaithint riosca, imscrúdú agus rianú, brath agus urghabháil SALW agus CA aindleathaigh (tairbhithe indíreacha).

4. Leagtar síos tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála "an tArdionadaí") freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

(*) Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

2. Is í Rúnaíocht ESCE a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 ("an tionscadal").

3. Déanfaidh Rúnaíocht ESCE a cuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le Rúnaíocht ESCE.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 4 208 827 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas.

2. Bainisteofar an caiteachas a mhaoinítear leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an chaiteachais dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú airgeadais is gá i gcrích le Rúnaíocht ESCE. Sonrófar sa chomhaontú airgeadais go n-áiritheoidh Rúnaíocht ESCE infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú airgeadais dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoi aon deacrachtaí sa phróiseas sin agus faoin dáta a thabharfar an comhaontú airgeadais i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha insinte tráthrialta arna n-ullmhú ag Rúnaíocht ESCE. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún maidir le gnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, mura mbeidh aon chomhaontú tugtha i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. VRTOVEC

*IARSCRÍBHINN*

**DOICIMÉAD TIONSCADAIL**

**CLÁR CUIMSITHEACH ESCE CHUN TACÚ LE hIARRACHTAÍ GÁINNEÁIL AINDLEATHACH MIONARM AGUS ARMÁN ÉADROM (SALW) AGUS GNÁTH-ARMLÓIN (CA) A CHOSC AGUS A CHOMHRAC IN OIRDHEISCEART NA hEORPA-HR(2021) 138**

## 1. Cúlra

Le breis agus tríocha bliain anuas, tá rioscaí agus dúshláin shuntasacha ag bagairt ar stáit in Oirdheisceart na hEorpa (SEE) a bhaineann le carnadh díchobhsaitheach agus le leathadh neamhrialaithe Mionarm agus Armán Éadrom (SALW) aindleathach agus gnáth-armlóin (CA) aindleathaigh thar a dteorainneacha agus ar fud a gcríoch. Tá impleachtaí diúltacha níos leithne ag na rioscaí sin don Eoraip ina hiomláine agus níos faide i gcéin.

Tá SEE i gcónaí ina ábhar imní agus is dúshlán tábhachtach é i Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine aindleathacha, mionarm agus armán éadrom (SALW) agus a n-armlóin ('Straitéis SALW AE'). Luaitear i Straitéis SALW AE 'cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas, go háirithe in oirdheisceart na hEorpa, mar gheall ar scála an charntha SALW agus armlóin, coinníollacha stórála neamhleora, seilbh aindleathach fhorleathan agus bearnaí ó thaobh cur chun feidhme de, leantar d'éifeachtacht iarrachtaí rialaithe arm tine/SALW i gcodanna de na Balcáin Thiar a theorannú.'

Dá bhrí sin, leis an tagairt do na Balcáin Thiar, leagtar amach i straitéis SALW AE an tacar cuimsitheach gníomhaíochtaí amhail [...] 'barrachas stoc SALW agus armlóin a laghdú, seilbh aindleathach a laghdú, atreorú agus gáinneáil arm a chomhrac, rialuithe teorann a fheabhsú, marcáil, taifead agus rianú SALW a fheabhsú chomh maith le hacmhainneachtaí diúscartha, feasacht a fheabhsú, agus tacú le hacmhainneachtaí forfheidhmithe dlí, [...], agus tacaíocht a choinneáil ar bun do chórais rialaithe náisiúnta agus tionscnaimh réigiúnacha ábhartha a chur san áireamh chun SALW aindleathacha agus a n-armlón a chomhrac, amhail an Treochlár Réigiúnach chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW/arm tine agus a n-armlóin sna Balcáin Thiar faoi 2024; tionscnamh a fuair tacaíocht ón bhFrainc agus ón nGearmáin.'

Oidhreacht na gcoinbhleachtaí a bhí ann roimhe seo sa réigiún, teipeanna maidir le díshlógadh, dí-armáil agus athimeascadh a chur chun feidhme go tráthúil agus go cuí, chomh maith le córais rialaithe um SALW láraithe agus stoc-chairn gnáth-armlóin (SCA) atá curtha chun feidhme go dona agus atá léirithe sna nithe seo a leanas:

- trádáil agus leathadh aindleathach SALW agus CA laistigh de theorainneacha SEE agus tharstu;
- atreorú neamhdhleathach SALW agus CA;
- úsáid SALW agus CA aindleathach/smuigleáilte, i ngníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta agus coiriúla agus i gcoireanna foréigneacha laistigh den réigiún agus níos faide i gcéin;
- caillteanas agus gadaíocht SALW agus CA ó láithreáin stórála oifigiúla agus ó fholacháin (agus, ar an gcaoi sin, a leathadh aindleathach);
- cuntasacht agus trédhearcacht íseal maidir le cosc, bainistiú, forfheidhmiú agus rialú SALW agus CA.

Tá sé comhaontaithe ag na Stáit ESCE atá rannpháirteach (pS) comhoibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin agus sin a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach. Go sonrach, tá gealltanas tugtha ag pS go ndéanfaidh siad gáinneáil aindleathach agus leathadh neamhrialaithe SALW agus CA a chomhrac i gcomhréir le forálacha dhoiciméid ESCE maidir le SALW (FSC.DOC/1/00/Rev.1) agus Stoic-chairn CA (FSC.DOC/1/03/Rev.1).

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na hábhair imní sin, tá stáit SEE tar éis aghaidh a thabhairt ar iarrataí ar chúnamh oifigiúil chuig ESCE i réimse rialú SALW agus CA in 2019 [1]. Tháinig siad sin ó Aireacht Gnóthaí Baile na hAlbáine, Aireacht Slándála na Boisnia agus na Heirseagaivéine, Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Macadóine Thuaidh, Aireacht Cosanta Mhontainéagró, agus Aireacht Gnóthaí Baile na Seirbia.

[1] Maidir leis an gCosaiv*, mar gheall ar bhreithnithe stádais, níl feidhm ag srianta agus ceanglais nós imeachta foirmiúil ESCE mar sin maidir le tionscadail a d'fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, faoi threoir Mhisean ESCE sa Chosaiv (OMIK), cuirfear roinnt tionscadal chun feidhme chun tacú le hiarrataí ar chúnamh ó na húdaráis/institiúidí áitiúla. (*Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive).

## 2. Cuspóir foriomlán

Na rioscaí a bhaineann le gáinneáil aindleathach agus leathadh neamhrialaithe SALW in/go/ó SEE a laghdú, ar rioscaí iad a bhaineann an bonn den tsábháilteacht agus den tslándáil trí chur isteach ar chothú na síochána inbhuanaithe agus ar an bhforbairt shocheacnamaíoch agus trí chur le cliseadh ar an ord, an sceimhlitheoireacht agus an foréigean coiriúil a ghríosú, nó trí atosú na coinbhleachta a spreagadh.

## 3. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Tá an ghníomhaíocht bunaithe ar phróisis chórasacha measúnaithe riachtanas arna gcur chun feidhme le linn na tréimhse 2019 – 2021. Leis na próisis sin, fíoraíodh iarrataí ar chúnamh agus daingníodh go bhfuil gá le tacaíocht ó ESCE, eadhon maidir le cumais na n-údarás sainordaithe a neartú maidir leis an méid seo a leanas:

- bainistiú agus malartuithe faisnéise maidir le gáinneáil aindleathach SALW a chosc agus a chomhrac;
- acmhainneachtaí caininigh (K-9) chun SALW agus CA aindleathach a bhrath agus a urghabháil;
- múscailt feasachta agus abhcóideacht chun tacú le gáinneáil aindleathach SALW agus CA a chosc agus a chomhrac;
- Creataí rialála agus oibríochta díghníomhachtúcháin SALW;
- Slándáil agus bainistiú stoc-chairn SALW.

An ghníomhaíocht – clár cuimsitheach ESCE chun tacú le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach SALW agus CA a chosc agus a chomhrac in Oirdheisceart na hEorpa – clár ina bhfuil seacht dtionscadal de chuid ESCE, freagraíonn sé ar na ceanglais thuasluaite ar bhealach cuimsitheach freisin trí dhinimicí trasteorann/réigiúnacha a threisiú chun gáinneáil aindleathach SALW agus CA a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus tionchar níos mó a bheith aige. Forbraíodh na tionscadail i ndlúthchomhar le húdaráis/institiúidí sainordaithe, Ionad um Chosc Coinbhleachtaí ESCE agus oibríochtaí allamuigh ESCE in SEE.

Tacaíonn clár cuimsitheach ESCE, trína chuid tionscadal, le Straitéis SALW an Aontais, go háirithe comhar agus cúnamh idirnáisiúnta a bhaineann leis na Balcáin Thiar.

Tá sé mar aidhm leis na tionscadail freisin éifeachtaí diúltacha ar fhorbairt inbhuanaithe ón trádáil aindleathach in SALW agus a n-armlón a mhaolú agus a chosc, rud a threisíonn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe amhail:

- Cuspóir 05. Comhionannas inscne a bhaint amach agus na mná agus na cailíní uile a chumhachtú (e.g. sprioc 5.2); agus
- Cuspóir 16. Sochaithe síochánta cuimsitheacha a chur chun cinn le haghaidh forbairt inbhuanaithe, rochtain ar cheartas a chur ar fáil do chách agus institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus uilechuimsitheacha a fhorbairt ar gach leibhéal (e.g. spriocanna 16.1, 16.4 & 16.a).

Ina theannta sin, rinneadh na tograí a chomhchuibhiú leis an '*Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse and trafficking of SALW and their ammunition in the Western Balkans by 2024*' [Treochlár chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW agus a n-armlóin sna Balcáin Thiar faoi 2024]. ([2]) agus rinneadh iad a chomhordú leis na geallsealbhóirí ábhartha a thacaíonn leis an Treochlár, agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme. Tá na tograí comhlántach freisin le Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine aindleathacha, SALW agus a n-armlóin (2018), agus tacaíonn sé, ar an gcaoi sin, le húdaráis SEE leis an Straitéis sin a chomhlíonadh go háirithe gníomhaíochtaí sna Balcáin Thiar.

### 3.1. Tionscadal 1: Cúnamh a thabhairt d'údaráis náisiúnta Phoblacht na hAlbáine an riosca a bhaineann le leathadh agus mí-úsáid SALW a laghdú

#### 3.1.1. Cuspóir

Is é cuspóir an tionscadail an riosca a bhaineann le leathadh agus mí-úsáid SALW i bPoblacht na hAlbáine a laghdú.

([2]) Forbraíodh an Treochlár bunaithe ar an Ráiteas Comhpháirteach ó Leas-Airí Gnóthaí Baile agus ó Leas-Airí Gnóthaí Eachtracha in Oirdheisceart na hEorpa, agus ar ghnéithe an Treochláir, ar glacadh araon iad ag Cruinniú Podgorica an 1 Feabhra 2018. Glacadh go hoifigiúil é ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i Londain an 10 Iúil 2018.

### 3.1.2. **Cur Síos**

Tá tionchar leathadh agus seilbh neamhrialaithe SALW, armlóin agus pléascán ina bhagairt mhór fós ar shábháilteacht phoiblí, ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch san Albáin. Déantar gnéithe coiriúla agus coireacht eagraithe a chothú le SALW atá rialaithe go dona agus go neamhdhleathach, trí fhoréigean agus neamhshlándáil a chumasú. Tá éifeachtaí díobhálacha ag na gnéithe sin go léir ar bhearta slándála agus cothaithe muiníne sa tír agus sa réigiún. D'iarr an Albáin cúnamh ag Fóram ESCE um Chomhar Slándála i mí Dheireadh Fómhair 2019.

D'fhíoraigh ESCE bearnaí acmhainneachtaí sna réimsí seo a leanas:

a) creat reachtach agus rialála chun airm thine a dhíghníomhachtú, agus an creat sin a chur chun feidhme go cuí le feabhas a chur ar bhonneagar, ar ghnéithe trealmhúcháin agus oiliúna;

b) seirbhísí cainínigh (K9) de chuid phóilíní Stáit na hAlbáine chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath;

c) feasacht an phobail a mhúscailt maidir leis na contúirtí a bhaineann le mí-úsáid agus leathadh SALW.

Úsáidfear cistiú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí acmhainneachtaí faoi mhíreanna a) go c).

Is líon mór údarás náisiúnta a bhfuil sainordú acu i réimse rialú SALW go háirithe Coimisiún Náisiúnta SALW, Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na hAlbáine (MoI) agus Póilíní Stáit na hAlbáine (ASP), a bheidh mar thairbhithe ag an tionscadal, chomh maith le pobal na hAlbáine.

### 3.1.3. **Na torthaí a bhfuil ionchas leo**

Toradh 1: Feabhsófar creat reachtach Phoblacht na hAlbáine maidir le hábhair SALW agus díghníomhachtúcháin.

Táscairí:

— Creat normatach a bheith ann maidir le rialú SALW i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta

— Saoráidí agus cleachtas a bheith ann maidir le díghníomhachtú SALW a oibríonn i gcomhréir le gealltanais ESCE agus le caighdeáin idirnáisiúnta

— Líon na n-oiliúintí agus líon na ndaoine atá oilte chun díghníomhachtú nó chun an próiseas díghníomhachtúcháin a mhaoirsiú

Toradh 2: Cuirfear feabhas ar chumas Phóilíní na hAlbáine airm agus pléascáin a bhrath.

Táscairí:

— Creat normatach a bheith ann chun cumas K9 a chur chun cinn i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta

— Saoráidí agus bonneagar K9 a bheith ann i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le moltaí ESCE

— Líon na n-oiliúintí agus líon na ndaoine atá oilte

Toradh 3: Cuirfear le feasacht an phobail maidir le contúirtí SALW agus le hábhair a bhaineann le rialú SALW.

Táscairí:

— Líon na ndoiciméad treorach nó rialála maidir le feasacht phoiblí agus for-rochtain atá i bhfeidhm (i.e. Straitéis Cumarsáide maidir le SALW)

— Líon na bhfeachtas feasachta poiblí agus for-rochtana atá cothrom le dáta maidir leis an tábhacht a bhaineann le SALW, armlón agus rialú pléascán agus maidir leis na rioscaí a bhaineann lena seilbh agus lena mí-úsáid neamhdhleathach i gcomhréir leis an Straitéis Cumarsáide maidir le SALW a glacadh

— Céatadán an spriocghrúpa (imdhealaithe de réir inscne) atá ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid SALW

### 3.1.4. **Gníomhaíochtaí**

3.1.4.1 Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar chreat reachtach Phoblacht na hAlbáine maidir le hábhair SALW agus díghníomhachtúcháin.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Tacaíocht d'fhorbairt fhodhlí maidir le díghníomhachtú agus plean gníomhaíochta chun sin a chur chun feidhme

— Tacú le sásraí a bhunú chun díghníomhachtú SALW a chur chun feidhme go cuí agus maoirseacht a dhéanamh air

— Tacaíocht a thabhairt chun Lámhleabhar Oiliúna maidir le díghníomhachtú SALW a fhorbairt, agus oiliúintí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur ar fáil do na cleachtóirí áitiúla

3.1.4.2 Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar chumas Phóilíní na hAlbáine airm agus pléascáin aindleathacha a bhrath.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Forbairt a dhéanamh ar an mbuan-nós imeachta oibríochta chun acmhainneacht K9 a úsáid chun SALW a bhrath, chomh maith le Máistirphlean K9 chun an cumas sin a nuachóiriú

— Clár oiliúna maidir le cur i bhfeidhm an bhuan-nós imeachta oibríochta i ndáil le hacmhainneacht K9 a úsáid chun SALW a bhrath

— Cúnamh trealaimh agus uasghráduithe bonneagair ar aonad K9

— Uasghráduithe bonneagair a chur chun feidhme do chonchróite, saoráidí oifige agus imlíne K9 chomh maith le soláthar agus aistriú trealaimh d'aonaid K9 chun acmhainneacht bhraite a mhéadú

— Ardán a chur ar fáil chun úsáid acmhainneachtaí K9 a chur chun cinn trí chomórtais a eagrú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach

3.1.4.3 Gníomhaíocht a bhaineann le feasacht an phobail a mhéadú maidir le contúirtí SALW agus le hábhair a bhaineann le rialú SALW

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Tacaíocht a thabhairt chun an Straitéis chomhordaithe um Múscailt Feasachta agus Cumarsáide a dhearadh

— Tacaíocht a thabhairt chun an Straitéis chomhordaithe um Múscailt Feasachta agus Cumarsáide a chur chun feidhme

## 3.2. **Tionscadal 2: Aghaidh a thabhairt ar na rioscaí slándála agus sábháilteachta a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW agus a n-armlóin sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin**

### 3.2.1. **Cuspóir**

Is é cuspóir an tionscadail tacú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin (BiH) chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí slándála agus sábháilteachta a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW agus a n-armlóin.

### 3.2.2. **Cur Síos**

Tugann an tionscadal aghaidh ar riachtanais ardtosaíochta a shonraítear san iarraidh ar chúnamh ón Aireacht Slándála (2019) agus tá sé mar aidhm leis tacú le BiH chun maolú a dhéanamh ar rioscaí slándála agus sábháilteachta a bhaineann le seilbh neamhdhleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW, armlóin agus pléascán – rud a chuireann dá bhrí sin le slándáil agus cobhsaíocht sa tír agus sa réigiún máguaird.

D'fhíoraigh ESCE bearnaí acmhainneachtaí sna réimsí seo a leanas:

a) bonneagar SALW agus stórála armlóin de chuid gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí (LEA), lena n-áirítear nósanna imeachta agus cleachtais slándála fisiciúla agus bainistithe stoc-charn;

b) múscailt feasachta institiúidí agus for-rochtain institiúideach maidir le rialú SALW chun tacú leis an mBord Comhordaithe um Rialú SALW (CCB) lena n-áirítear cur chuige modheolaíoch agus sraith straitéisí faireacháin agus meastóireachta;

c) Cumais cainínigh LEA chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath, lena n-áirítear a gcreataí pleanála, reachtacha agus oibríochtúla, a dtrealamh agus a mbonneagar chomh maith le gnéithe oiliúna;

d) inrochtaineacht agus inchomparáideacht na sonraí a bhaineann le SALW atá riachtanach chun beartais a cheapadh go héifeachtach agus chun freagairt oibríochtúil a thabhairt;

e) Díghníomhachtú SALW, lena n-áirítear creataí reachtacha agus rialála, oiliúint, trealamh agus gnéithe bonneagair.

Úsáidfear cistiú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí acmhainneachtaí faoi mhíreanna c) agus d).

Is líon mór údarás náisiúnta a bhfuil sainordú acu i réimse rialú SALW, eadhon gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí (LEAanna) lena n-áirítear aireachtaí gnóthaí baile maidir le heintitis agus cantúin (MoIanna)/gníomhaireachtaí póilíneachta, SALW CCB, Aireacht Slándála BiH (MoS), chomh maith le hoifigí na n-ionchúisitheoirí, cúirteanna agus seirbhísí pionóis, a bheidh mar thairbhithe ag an tionscadal, chomh maith le pobal BiH.

### 3.2.3. **Na torthaí a bhfuil ionchas leo**

Toradh 1: Neartófar cumais fhorfheidhmithe dlí K9 chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath.

Táscairí:

— Ráta cur chun feidhme an Mháistirphlean forbartha maidir leis an gcreat reachtach, bonneagair agus oibríochtúil is gá a fhorbairt le haghaidh aonaid K9

— Céatadán na n-oiliúnaithe a léiríonn na scileanna a theastaíonn chun na buan-nósanna imeachta oibríochta a chur i bhfeidhm go héifeachtach

— Líon na n-aonaid/suíomhanna K9 arna n-uasghrádú i gcomhréir le measúnú ar riachtanais ESCE

Toradh 2: Forbrófar bunachar sonraí agus córas rianaithe cás comhtháite idirinstitiúideach SALW agus armlóin.

Táscairí:

— Leibhéal idir-inoibritheachta/comhoiriúnachta na modheolaíochtaí bailithe sonraí

— Córas TF idirinstitiúideach feidhmiúil a bheith ann lenar féidir sonraí ó SALW agus ó chásanna a bhaineann le harmlón a bhailiú agus a anailísiú ar bhealach comhtháite

### 3.2.4. **Gníomhaíochtaí**

3.2.4.1. Gníomhaíocht a bhaineann le cumais fhorfheidhmithe dlí K9 a neartú chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Tacú le heagrú meithleacha agus cruinnithe a chomhordú chun Máistirphlean a fhorbairt d'fhothú acmhainneachta K9

— Tacú le forbairt na gcreataí reachtacha agus oibríochtúla is gá chun acmhainneacht K9 a úsáid chun SALW a bhrath

— Bonneagar K9 a uasghrádú agus an trealamh is gá a chur ar fáil

— Clár oiliúna a eagrú maidir le cur i bhfeidhm an bhuan-nós imeachta oibríochta i ndáil le hacmhainneacht K9 a úsáid chun SALW a bhrath

— Ardán a bhunú chun úsáid acmhainneachtaí K9 a chur chun cinn trí chomórtais a eagrú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach

3.2.4.2. Gníomhaíocht a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar bhunachar sonraí agus córas rianaithe cás comhtháite idirinstitiúideach SALW agus armlóin.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Tacú le measúnú ar shamhlacha ábhartha dlíthiúla agus staidrimh d'fhorfheidhmiú an dlí agus do bhreithiúnacht chun cuntas teiste idirinstitiúideach comhtháite SALW agus armlón a bhunú

— Tacú le córas cuntas teiste BiH SALW a bhunú

— Oiliúint a eagrú do bhreithiúna agus d'úsáideoirí forfheidhmithe dlí an chórais rianaithe SALW

### 3.3. Tionscadal 3: Tacú le hacmhainneacht K-9 phóilíní na Cosaive * a neartú chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath agus a choigistiú

#### 3.3.1. Cuspóir

Is é cuspóir an tionscadail tacú le cumas K-9 atá ag Póilíní na Cosaive cheana a neartú agus lena rannchuidiú díreach chun SALW, armlón, agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil sna Balcáin Thiar a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú.

#### 3.3.2. Cur Síos

Forbraíodh an tionscadal i gcomhthéacs Straitéis na Cosaive maidir le Rialú SALW a ghabhann leis an bPlean Gníomhaíochta. Is é is aidhm dó tacú le cumas K-9 atá ag Póilíní na Cosaive cheana a neartú agus lena rannchuidiú díreach chun SALW, armlón, agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil sna Balcáin Thiar a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú.

Beidh sé mar aidhm ag an tionscadal aghaidh a thabhairt ar bhearnaí fíoraithe acmhainneachtaí i seirbhísí K9 maidir le mí-úsáid SALW agus gáinneáil SALW a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú, lena n-áirítear creat rialála, úsáid oibríochtúil foirne K9, ganntanas acmhainní daonna, bonneagair agus iompair.

Is iad póilíní na Cosaive tairbhithe an tionscadail, chomh maith le pobal na Cosaive.

#### 3.3.3. An toradh a bhfuil ionchas leis

Toradh 1: Feabhsófar creat rialála agus oiliúna, chomh maith le bonneagar agus trealamh aonad K-9 chun SALW, armlón agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí

Táscairí:

— Creat rialála agus oiliúna aonad K-9 a bheith ann

— Bonneagar uasghrádaithe agus trealamh uasghrádaithe aonad K9 a bheith ann

#### 3.3.4. Gníomhaíochtaí

3.3.4.1. Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar chreat rialála agus oiliúna, chomh maith le bonneagar agus trealamh aonad K-9 chun SALW, armlón agus mí-úsáid pléascán agus gáinneáil a chosc, a chur faoi chois agus a imscrúdú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Bunú agus gníomhaíochtaí na Meithle chun cumas K-9 a fheabhsú

— Cuairteanna staidéir a dhéanamh le contrapháirteanna a bhfuil ardchóras acu chun madraí braite a úsáid le haghaidh SALW, armlóin agus pléascán

— Tacaíocht a chur ar fáil do Rannóg Oiliúna an tairbhí chun an Plean Oiliúna a dhréachtú, modheolaíocht oiliúna a fhorbairt a bheidh comhtháite go hiomlán le buan-nós imeachta oibríochta na nAonad K9 le haghaidh oiliúna agus oibríochtaí K9, agus ciorcal saineolaithe oiliúna a thógáil

— Tacú le soláthar an bhonneagair agus an trealaimh is gá le haghaidh oiliúint, feidhmíocht oirbheartaíochta agus oibríochtúil Aonad K- 9

— Oiliúint speisialaithe agus ardoiliúint a chur ar fáil do láimhseálaithe madraí

(*) Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive

## 3.4. Tionscadal 4: Cúnamh a thabhairt d'údaráis náisiúnta Phoblacht na Macadóine Thuaidh an riosca a bhaineann le leathadh arm agus mí-úsáid SALW a laghdú

### 3.4.1. Cuspóir

Is é cuspóir an tionscadail an riosca a bhaineann le leathadh arm agus mí-úsáid SALW i bPoblacht na Macadóine Thuaidh a laghdú trí chosc, brath, anailís agus acmhainneacht imscrúdaitheach na hAireachta Gnóthaí Baile agus eagraíochtaí Rialtais eile a mhéadú.

### 3.4.2. Cur Síos

Forbraíodh an tionscadal chun freagairt ar an iarraidh ar chúnamh ó Rialtas Phoblacht na Macadóine Thuaidh (2019) chun acmhainneachtaí an Choimisiúin Náisiúnta maidir le SALW a neartú agus chun cur le cumais na roinne Póilíní, Aonad K9, chun airm agus pléascáin a bhrath.

D'fhíoraigh ESCE bearnaí acmhainneachtaí sna réimsí seo a leanas:

a) acmhainneacht oibríochtúil K9 na hAireachta Gnóthaí Baile chun leathadh aindleathach SALW a bhrath;

b) sásra comhair agus comhordúcháin trasteorann, idirinstitiúideach agus laistigh d'institiúidí, chun gáinneáil aindleathach SALW a chosc agus a chomhrac;

c) anailís ar shaincheisteanna rialaithe SALW maidir le leibhéil straitéiseacha agus oibríochtúla;

d) for-rochtain phoiblí agus feasacht phoiblí chomhordaithe maidir leis na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid SALW i bPoblacht na Macadóine Thuaidh, lena n-áirítear iarrachtaí atá á ndéanamh ag Coimisiún Náisiúnta SALW.

Úsáidfear cistiú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí acmhainneachtaí faoi mhíreanna a), b) agus c).

Is líon mór údarás náisiúnta a bhfuil sainordú acu i réimse rialú SALW, eadhon coimisiún náisiúnta SALW ([3]), an Aireacht Gnóthaí Baile (MoIA) agus na Póilíní, a bheidh mar thairbhithe ag an tionscadal, chomh maith le pobal na Macadóine Thuaidh.

### 3.4.3. An toradh a bhfuil ionchas leis

Toradh 1: Cuirfear feabhas ar acmhainneachtaí comhair rialála, oibríochtúla agus idirghníomhaireachta Aireacht Gnóthaí Baile (MoIA) Phoblacht na Macadóine Thuaidh agus Choimisiún SALW chun comhrac a chur/aghaidh a thabhairt ar leathadh SALW.

Táscairí:

— Creat rialála maidir le K9 a bheith ann

— Líon seirbhísí réigiúnacha K9 atá i bhfeidhm agus a bhfuil acmhainneacht fheidhmiúil acu

— Tá malartú faisnéise fíor-ama i bhfeidhm i measc na bpóilíní agus le tíortha PCCC-SEE

— Céatadán an spriocghrúpa (imdhealaithe de réir inscne) atá ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le leathadh agus mí-úsáid SALW

— Líon na mban agus na bhfear a ndeachaigh imeachtaí múscailte feasachta i gcion orthu

### 3.4.4. Gníomhaíochtaí

3.4.4.1. Tacú le méadú a dhéanamh ar acmhainneacht MoIA SALW aindleathacha a bhrath trí shócmhainní K9 a úsáid go héifeachtúil

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Cúnamh trealaimh agus uasghráduithe bonneagair ar aonaid seirbhíse K9 ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear stóráil SALW uasghrádaithe agus bonneagar TF ag suas le cúig (5) láithreán (armlanna), atá comhthiomsaithe le haonaid K-9 ó Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Macadóine Thuaidh

([3]) Údaráis náisiúnta atá rannpháirteach i gcoimisiún náisiúnta SALW: An Aireacht Geilleagair, an Aireacht Dlí agus Cirt, an Aireacht Trádála agus Beartais Shóisialta, an Aireacht Cosanta, an Aireacht Oideachais agus Eolaíochta, an Aireacht Airgeadais, Custaim, an Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Barainneachta Uisce.

— Buan-nós imeachta oibríochta a fhorbairt agus rialacháin a thabhairt cothrom le dáta maidir le húsáid acmhainneacht K9 chun SALW a bhrath

— Clár oiliúna maidir le cur i bhfeidhm SOP i ndáil le hacmhainneacht K9 a úsáid chun SALW a bhrath

— Ardán a chur ar fáil chun úsáid acmhainneachtaí K9 a chur chun cinn trí chomórtais a eagrú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach

3.4.4.2. Tacaíocht a thabhairt do phíolótú an chórais malartaithe faisnéise fíor-ama lena ndéantar gáinneáil aindleathach SALW a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Cúnamh trealaimh, bonneagar fisiciúil agus uasghráduithe TFC ar na córais malartaithe faisnéise ag cúig (5) Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim

— Buan-nós imeachta oibríochta a fhorbairt maidir le malartú faisnéise fíor-ama a bhaineann le teagmhais SALW

— Clár oiliúna ar chur i bhfeidhm an bhuan-nós imeachta oibríochta maidir le teagmhais SALW a bhaineann le malartú faisnéise fíor-ama

— Clár malartaithe foirne (cúrsa oiliúna)

— Eagrú chomhdháil an Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim

3.4.4.3. Tacaíocht do chur chun cinn chumais oibríochtúla agus anailíseacha an Choimisiúin Náisiúnta um SALW a chur chun cinn maidir le gáinneáil aindleathach SALW a chomhrac

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Ceardlann comhair idirghníomhaireachta maidir le córas rialaithe SALW a eagrú

— Cruthú Lámhleabhair Treoshuímh do chomhaltaí an Choimisiúin

— Anailís ar an staid ina bhfuil rialú SALW, lena n-áirítear buan-nós imeachta oibríochta a mhionsaothrú maidir le sonraí a bhailiú, faisnéis a rianú agus a thuairisciú chomh maith le Córas Bainistithe Cásanna a cheapadh chun anailís ar SALW a éascú

## 3.5. **Tionscadal 5: Rioscaí sábháilteachta agus slándála a bhaineann le SALW/SCA i Montainéagró a mhaolú**

### 3.5.1. **Cuspóir**

Is é cuspóir an tionscadail an riosca a bhaineann le pléascáin gan choinne ag láithreacha muinisin a laghdú agus SALW/SCA a atreorú ó láithreáin stórála de chuid Aireacht Cosanta Mhontainéagró.

### 3.5.2. **Cur Síos**

Tá riosca ann go dtarlóidh pléascáin gan choinne ag láithreáin muinisean agus go ndéanfar gáinneáil aindleathach agus leathadh neamhrialaithe SALW/SCA i Montainéagró. Is é sin a daingníodh le linn cuairteanna éagsúla a thug saineolaithe ESCE ar an tír le blianta beaga anuas. Thug Aireacht Cosanta Mhontainéagró aghaidh ar na saincheisteanna sin sa mháistirdhoiciméad uaithi ina léirítear an staid deiridh inmhianaithe. Barrachas armán, pléascán agus ordanáis a dhiúscairt go trédhearcach agus córas bainistíochta saolré inbhuanaithe a cheapadh i dtaca le harmáin, pléascáin agus ordanás. D'iarr Montainéagró cúnamh in 2019 ag Fóram Comhair Slándála ESCE.

D'fhíoraigh ESCE bearnaí acmhainneachtaí sna réimsí seo a leanas:

a) cur chuige bainistithe saolré a áirithiú maidir le SALW agus gnáth-armlón, lena n-áirítear oiliúint leanúnach agus aistriú eolais, creat faireachais armlóin agus comhordú agus comhar idirinstitiúideach;

b) b) gnáth-armlón a iompar go sábháilte i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

Úsáidfear cistiú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí acmhainneachtaí faoi mhíreanna a) agus b).

Is iad Roinn Cosanta agus Fórsaí Armtha Mhontainéagró tairbhithe an tionscadail, chomh maith le pobal Mhontainéagró.

### 3.5.3. **Na torthaí a bhfuil ionchas leo**

Toradh 1: Cuirfear feabhas ar acmhainneachtaí straitéiseacha, oiliúna agus comhordúcháin na hAireachta Cosanta agus na gcomhlachtaí rialtais inniúla eile i réimse bainistithe SALW/SCA

Táscairí:

— Líon an phearsanra san Aireacht Cosanta atá sna hinstitiúidí oideachais/oiliúna agus sna haonaid oibríochtúla agus a bhfuil ardacmhainneachtaí acu chun tacú le SALW/SCA a bhainistiú agus a láimhseáil;

— Líon na ngníomhaíochtaí SALW/SCA arna gcomhordú ag Montainéagró trí chomhlachtaí ainmnithe;

— Comhlacht rialaithe eatramhach a bheith ann

Toradh 2: Cuirfear leis na hacmhainneachtaí chun SALW/SCA a iompar ar bhealach sábháilte slán de réir an chonartha ADR.

Táscairí:

— Líon an phearsanra is tairbhithe den tionscadal a bhfuil inniúlacht mhéadaithe acu maidir le hiompar SALW/SCA

— Córas iompair SALW/SCA a bheith ann a bheidh leabaithe sa chreat eagraíochtúil

— Anailís ar na ceanglais maidir le ADR a chomhlíonadh agus moltaí tugtha d'Aireacht Cosanta Mhontainéagró

### 3.5.4. **Gníomhaíochtaí**

3.5.4.1 Gníomhaíocht a bhaineann le feabhas a chur ar acmhainneachtaí straitéiseacha, oiliúna agus comhordúcháin na hAireachta Cosanta agus na gcomhlachtaí rialtais cuntasacha cothroma eile i réimse bainistithe SALW/SCA.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Aistriú eolais ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta laistigh de réimse bainistithe SALW/SCA

— Comhairle agus comhordú ar chlár Aireacht Cosanta Mhontainéagró i réimsí faoi leith de bhainistiú shaolré inbhuanaithe SALW/SCA

— Comhairle theicniúil maidir le sásraí náisiúnta rialaithe bainistithe SALW/SCA

3.5.4.2 Gníomhaíocht a bhaineann le clár oiliúna agus trealaimh maidir le cumais iompair SALW/SCA i Montainéagró, i gcomhréir le conradh ADR (an Comhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar).

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Anailís ar riachtanais a dhéanfar i gcomhpháirt le hAireacht Cosanta Mhontainéagró chun conradh ADR a chomhlíonadh go hiomlán

— Dhá thrucail a bheidh i gcomhréir leis an gconradh ADR a fháil, lena ngabhann conradh i ndáil le hoiliúint, cothabháil agus páirteanna spártha a fháil

## 3.6. **Tionscadal 6: Aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sábháilteachta agus slándála a bhaineann le seilbh aindleathach, mí-úsáid agus gáinneáil SALW sa tSeirbia**

### 3.6.1. **Cuspóir**

Is é is cuspóir don tionscadal na rioscaí sábháilteachta agus slándála a bhaineann le SALW ó thaobh seilbh neamhdhleathach, mí-úsáidí SALW dleathacha agus gáinneáil aindleathach SALW a laghdú.

### 3.6.2. **Cur Síos**

Ceapadh an tionscadal chun freagairt ar an iarraidh ar chúnamh ó Aireacht Gnóthaí Baile na Seirbia (2019) chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le leathadh neamhrialaithe agus seilbh aindleathach SALW ar bagairt ollmhór iad don tslándáil agus don tsábháilteacht sa tSeirbia. Cuireann na dúshláin sin le leathadh na coireachta agus na coireachta eagraithe tromchúisí, trí ghníomhú mar chumasóirí an fhoréigin, an iompair bhagraigh agus na sceimhlitheoireachta. Bíonn éifeacht dhiúltach acu ar bhearta cothaithe muiníne sa tír freisin agus mar bhagairt i gcomhthéacs an fhoréigin inscnebhunaithe.

D'fhíoraigh ESCE na riachtanais maidir le gáinneáil aindleathach SALW a chomhrac, na nithe seo a leanas ina measc:

a) acmhainneachtaí na bpóilíní a neartú chun feasacht maidir le feachtais rialaithe agus bailithe SALW a mhúscailt, agus ar an gcaoi sin, rannchuidiú le méid na n-arm atá á sealbhú go neamhdhleathach a laghdú, bac a chur ar mhí-úsáid SALW, agus sábháilteacht shaoránaigh na Seirbia á méadú ag an am céanna;

b) acmhainneacht K9 na hAireachta Gnóthaí Baile a neartú maidir le hairm agus pléascáin a bhrath trí i) an creat dlí is gá a bhunú, ii) na hacmhainneachtaí a mheasúnú agus a fhorbairt, agus iii) trealamh speisialta agus bonneagar tógála a fháil,

c) leasuithe ar an Dlí maidir le hAirm agus Armlón, agus ar an Leabhar Rialacha maidir le hAirm a Dhíghníomhachtú, trí a) acmhainneachtaí agus deiseanna teicniúla a mheasúnú; agus b) cúnamh teicniúil a sholáthar maidir le dréachtú an leabhair rialacha.

Úsáidfear cistiú ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sna hacmhainneachtaí faoi mhíreanna a) go c).

Is iad comhairle SALW, an Aireacht Gnóthaí Baile, na póilíní agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhíonn ag gabháil do shaincheisteanna rialaithe SALW a bheidh mar thairbhithe ag an tionscadal, chomh maith le pobal na Seirbia.

### 3.6.3. **Na torthaí a bhfuil ionchas leo**

Toradh 1: Bunófar comhpháirtíocht idir an Aireacht Gnóthaí Baile agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chomh maith le sásra feasachta poiblí chun cosc a chur ar mhí-úsáid SALW.

Táscairí:

— Líon na dtionscnamh feasachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil maidir leis na contúirtí a bhaineann le leathadh SALW

— Sásraí a bheith ann agus a bheith á n-úsáid le haghaidh comhair ilghníomhaireachta

— Líon na bhfógraí poiblí sóisialta a chraoltar ar na stáisiún teilifíse agus raidió náisiúnta agus áitiúla

— Líon na ndaoine óga ó na cathracha a ndírítear orthu a chuirtear ar an eolas faoi chontúirtí SALW trí sheimineáir agus ábhar faisnéiseach

Toradh 2: Cuirfear feabhas ar an gcreat dlíthiúil maidir le díghníomhachtú agus déanfar é a chomhchuibhiú le caighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtais

Táscairí:

— Comhroinntear caighdeáin agus dea-chleachtais idirnáisiúnta leis an Meitheal

— Dréachtrialacháin a bheith ann ina n-ionchorpraítear ionchuir agus moltaí

— Téitear i gcomhairle le heagraíochtaí na sochaí sibhialta faoi na dréachtrialacháin

Toradh 3: Cuirfear feabhas ar acmhainneachtaí aonaid K9 de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile chun SALW, armlón agus pléascáin a bhrath i gcomhréir le caighdeáin chearta an duine.

Táscairí:

— Plean oibre a bheith ann chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí aonaid K9 de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile

— Líon na gcruinnithe maidir le comhar idirghníomhaireachta, comhroinnt faisnéise agus idir-inoibritheacht Aonad Póilíní K9 agus geallsealbhóirí forfheidhmithe dlí eile i ndáil le SALW, armlón agus pléascáin a bhrath

— Modheolaíocht agus curaclaim fheabhsaithe oiliúna a bheith ann do na haonaid K9 i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta

— Líon na dteagascóirí agus na láimhseálaithe madraí K9 a gcuirtear oiliúint orthu i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta

3.6.4. **Gníomhaíochtaí**

3.6.4.1. Gníomhaíocht a bhaineann le comhpháirtíocht a bhunú idir an Aireacht Gnóthaí Baile agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus sásra feasachta poiblí chun mí-úsáid SALW a chosc.

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Cruinniú leis na saineolaithe maidir le comhpháirtíochtaí a chruthú leis na meáin leictreonacha agus chlóite, agus maidir le sásraí a shainaithint chun mí-úsáid SALW a chosc

— Ardán na meán sóisialta a bhunú agus tacú le feachtais na meán maidir le leathadh SALW a chosc agus maidir le húinéireacht fhreagrach gunnaí

— Gníomhaíochtaí abhcóideachta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phobail

3.6.4.2. Cuirtear feabhas ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcreat dlíthiúil maidir le díghníomhachtú agus déanfar iad a chomhchuibhiú le caighdeáin idirnáisiúnta agus dea-chleachtais

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Sainchomhairle agus tacaíocht lóistíochta a chur ar fáil do chruinnithe na meithle maidir le díghníomhachtú

— Measúnú an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le díghníomhachtú agus déanfar meastóireacht ar a chur chun feidhme praiticiúil

— Ceardlann ar dhea-chleachtais agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus an creat normatach díghníomhachtaithe á dhréachtú agus á chur chun feidhme

— Clár oiliúna agus trealaimh le haghaidh díghníomhachtú SALW

3.6.4.3. Gníomhaíochtaí a bhaineann le feabhas a chur ar acmhainneachtaí aonaid K9 de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile i ndáil le SALW, armlón agus pléascáin a bhrath i gcomhréir le caighdeáin chearta an duine

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Sainchomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do chruinnithe na meithle chun feabhas a chur ar chumais na n-aonad K9

— Ceapadh plean oibre chun feabhas a chur ar acmhainneachtaí aonaid K9 de chuid na hAireachta Gnóthaí Baile

— Tógáil, soláthar agus seachadadh trealaimh agus seirbhísí d'aonaid K9

— Fothú acmhainneachta chun aonaid K9 a úsáid agus a imscaradh chun gáinneáil SALW, armlóin agus pléascán a chosc agus a fhiosrú trí thacaíocht chomhairleach, clár malartaithe agus modheolaíocht oiliúna a fhorbairt

— Eagrú cúrsaí oiliúna speisialaithe do mhadraí seirbhíse agus do láimhseálaithe madraí maidir le SALW, armlón agus pléascáin a imscaradh agus a bhrath

— Ceardlann comhairliúcháin réigiúnach a sheoladh maidir le dea-chleachtais i ndáil le himscaradh ghníomhaíochtaí na bpóilíní agus rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí sin

3.7. **Tionscadal 7: Gníomhaíocht ESCE a neartú i gcoinne leathadh aindleathach SALW agus SCA – Céim 2** ([4])

3.7.1. **Cuspóir**

Is é is cuspóir don tionscadal cúnamh a thabhairt do stáit rannpháirteacha ESCE chun go mbeidh siad in ann a ngealltanais i gcoinne leathadh aindleathach SALW/SCA a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, agus iad a neartú, más gá.

3.7.2. **Cur Síos**

Ceapadh an tionscadal i gcomhthéacs an Fhóraim Comhair Slándála a bheith curtha de chúram ar Chomhairle Aireachta ESCE (MC.DEC/10/17), i gcomhréir lena sainordú, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

— leanúint d'iarrachtaí a neartú chun na bearta atá ann cheana agus na gealltanais a tugadh cheana a leagtar amach i nDoiciméad ESCE maidir le SALW, i nDoiciméad ESCE maidir le SCA, agus sna cinntí gaolmhara ón bhFóram Comhair Slándála a chur chun feidhme ina n-iomláine;

([4]) Gnéithe an tionscadail lena dtacaítear le hiarrachtaí SALW/SCA in SEE.

— leanúint leis na céimeanna breise chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar thorthaí thionscadail SALW agus SCA chun an tairbhe is fearr is féidir a áirithiú agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin a bhaineann le SALW agus SCA i gcomhréir le sásraí cúnaimh ESCE mar a leagtar amach i nDoiciméid ESCE maidir le SALW agus SCA agus sna cinntí ábhartha ón bhFóram Comhair Slándála;

— féachaint ar bhealaí le cosc a chur ar atreorú SALW agus SCA go margaí aindleathacha;

— féachaint ar bhealaí le bearta ESCE atá ann cheana, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar gháinneáil aindleathach SALW, a chomhlánú;

— leanúint de ranníocaíochtaí seachbhuiséadacha a chur ar fáil ar bhonn deonach chun tacú le tionscadail chúnaimh an Fhóraim Comhair Slándála maidir le SALW agus SCA;

— féachaint an bhféadfaí, i gcás inarb iomchuí, saineolas a chur ar fáil go deonach i gcás tionscadail cúnaimh ESCE maidir le SALW agus SCA trí eolas sonrach a bheith ag stáit rannpháirteacha.

Cé go gcuimsítear teagmháil níos leithne leis na stáit rannpháirteacha uile i ndáil le SEE le feidhmiú an tionscadail, is é is aidhm dó tacú le measúnú a dhéanamh ar riachtanais agus ar cheanglais stáit rannpháirteacha ESCE agus ar oibríochtaí allamuigh sa réigiún lena dtacaítear le cur chun feidhme na dtionscadal cúnaimh praiticiúil agus na tacaíochta comhairlí clár i ndáil le SALW/SCA. Rachaidh córas TF an tionscadail chun tacú le faireachán, forbhreathnú agus cur chun feidhme thionscadail cúnaimh phraiticiúil SALW/SCA chun tairbhe na stát rannpháirteach agus na n-oibríochtaí allamuigh in SEE freisin.

Chomh maith leis sin, leis an tionscadal, cuirfear tacaíocht i ndáil le comhordú agus bainistiú tionscadal ar fáil do shé (6) cinn d'oibríochtaí allamuigh de chuid ESCE chun clár cuimsitheach ESCE a chur chun feidhme, ar clár é lena dtacaítear le hiarrachtaí gáinneáil aindleathach SALW agus CA in SEE a chosc agus a chomhrac.

Is údaráis rialtais a bhfuil sainordú acu i réimse an rialaithe SALW (amhail coimisiún SALW, an Aireacht Gnóthaí Baile, na Póilíní, an Aireacht Cosanta) agus oibríochtaí allamuigh ESCE tairbhithe an tionscadail, chomh maith le pobal na stát rannpháirteach in SEE.

### 3.7.3. **An toradh a bhfuil ionchas leis**

Toradh 1: Beidh dul chun cinn déanta ar chreat normatach SALW/SCA ESCE agus cur chun feidhme na dtionscadal comhfhreagrach cúnaimh phraiticiúil.

Táscairí:

— Bonnlíne agus sásra a bheith ann chun riachtanais agus ceanglais i réimse SALW/SCA a fhíorú go leanúnach

— Ardán TF gréasánbhunaithe a bheith ann ina mbeidh faisnéis fíor-ama a bhaineann le punann tionscadail cúnaimh SALW/SCA ESCE

### 3.7.4. **Gníomhaíochtaí**

3.7.4.1. Measúnú ar riachtanais agus ar cheanglais stáit rannpháirteacha ESCE, Rúnaíocht ESCE agus na n-oibríochtaí allamuigh lena dtacaítear le cur chun feidhme thionscadail cúnaimh phraiticiúil SALW/SCA in SEE

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Measúnú ar riachtanais stáit ESCE a bhfuil cúnamh praiticiúil iarrtha acu i réimse SALW/SCA agus tacófar leis an bpróiseas forbhreathnúcháin

— Measúnú ar riachtanais stáit ESCE is deontóirí nó a bhfuil acmhainní á gcur ar fáil acu i réimse SALW/SCA agus tacófar leis an bpróiseas forbhreathnúcháin

— Tacaíocht straitéiseach chomhairleach agus clár do stáit rannpháirteacha ESCE agus d'oibríochtaí allamuigh ESCE trí shásra na dtionscadal cúnaimh phraiticiúil maidir le ceachtanna a foghlaimíodh

— Tacaíocht fhoriomlán chomhordúcháin agus bhainistithe do thionscadail rialaithe SALW/SCA agus do ghníomhaíochtaí in SEE

3.7.4.2. Córas TF a cheapadh, a thástáil agus a rolladh amach chun tacú le faireachán, forbhreathnú agus cur chun feidhme thionscadail cúnaimh phraiticiúil SALW/SCA

Cuimseofar an méid seo a leanas leis an ngníomhaíocht seo:

— Ceapadh feidhmchlár gréasáin nua-aimseartha inrochtana chun go gcomhtháthófar an fhaisnéis faoi na tionscadail cúnaimh ESCE uile ó chuid mhór foinsí, lena n-áirítear sonraí teicniúla, airgeadais, geografacha agus téamacha chomh maith le doiciméid tacaíochta. Leis an bhfaisnéis sin, beidh deontóirí agus na stáit rannpháirteacha in SEE in ann a ngealltanais pholaitiúla agus airgeadais a phleanáil, a chur chun feidhme agus a neartú ar bhealach níos fearr i gcoinne leathadh aindleathach SALW agus SCA

## 4. **Bainistiú tionscadail agus tacaíocht riaracháin chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme**

Déanfaidh pearsanra tiomnaithe tionscadail i Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí Rúnaíocht ESCE / in Aonad Tacaíochta an Fhóraim Comhair Slándála agus i sé (6) cinn de mhisin allamuigh ESCE in SEE cur chun feidhme na gníomhaíochta agus na ngníomhaíochtaí tionscadail eile a bhaineann léi, a leagtar amach i Roinn 3, a bhainistiú. Áiritheoidh an Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí/Aonad Tacaíochta an Fhóraim Comhair Slándála comhordú le misin allamuigh ESCE in SEE trí Thionscadal 7 agus cuirfidh sé comhairle orthu i ndáil le hábhar; áireofar faireachán agus meastóireacht ar an gclár air sin.

Lena bpearsanra tiomnaithe tionscadail - a eagrófar de réir foirne cur chun feidhme tionscadal - tabharfaidh an Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí/Aonad Tacaíochta an Fhóraim Comhair Slándála agus na misin allamuigh breis tacaíochta, idir chomhar agus chomhordú, don chomhphobal idirnáisiúnta ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal na ndlínsí, *inter alia*, faoi chuimsiú Threochlár Rialaithe SALW na mBalcán Thiar.

Déanfaidh an pearsanra tiomnaithe tionscadail na cúraimí seo a leanas:

— na tionscadail a bhainistiú trí gach céim den saolré tionscadail,

— maoirseacht airgeadais a dhéanamh ar na tionscadail ó lá go lá,

— saineolas teicniúil agus dlíthiúil a chur ar fáil, lena dtacaítear le soláthairtí na dtionscadal,

— dul i dteagmháil le heagraíochtaí agus le cláir idirnáisiúnta eile agus comhordú a dhéanamh leo,

— dearbhú cáilíochta agus rialú cáilíochta a dhéanamh ar thorthaí insoláthartha na dtionscadal,

— tacú le dlínsí in SEE chun bearta nua a fhorbairt lena neartófar acmhainneachtaí agus iarrachtaí comhpháirteacha i ndáil le gáinneáil aindleathach SALW agus CA a chosc agus a chomhrac.

## 5. **Inscne**

Comhtháthaíodh na peirspictíochtaí príomhshruthaithe inscne ag gach céim de cheapadh, d'fhorbairt agus de chur chun feidhme na dtionscadal. Mar bhuntuiscint, glacadh leis go dtéann úsáid, mí-úsáid agus éifeachtaí SALW agus CA i bhfeidhm ar mhná agus ar fhir, ar bhuachaillí agus ar chailíní ar bhealaí difriúla. Rinneadh riachtanais inscne a phríomhshruthú i gcomhréir le comhthéacsanna sonracha agus le cineál sonrach an chúnaimh dá bhforáiltear sna tionscadail agus rinneadh iad a bhunú ar anailís staide inar cuireadh peirspictíochtaí inscne san áireamh.

Cuireadh marcóir inscne ESCE i bhfeidhm agus na tionscadail á gceapadh, agus nuair a rianaíodh an dul chun cinn a rinneadh agus inscne á príomhshruthú le linn an tsaolré bainistithe tionscadail freisin. Tá comhionannas inscne mar chuspóir suntasach ag formhór na dtionscadal atá beartaithe nó tá siad príomhshruthaithe go hiomlán ó thaobh inscne de.

## 6. **Tairbhithe**

Is iad na húdaráis in SEE a bhfuil sainordú acu agus atá freagrach as gáinneáil aindleathach SALW agus CA a chosc agus a chomhrac tairbhithe díreacha na gníomhaíochta. Seo a leanas na húdaráis a ndírítear orthu go príomhúil: Coimisiún/Bord SALW, an Aireacht Gnóthaí Baile agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ar nós na bpóilíní. Áireofar an Aireacht Slándála, oifigí ionchúisitheoirí, cúirteanna agus seirbhísí peannadlainne sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, chomh maith leis an Aireacht Cosanta i Montainéagró, ar na húdaráis eile a ndíreofar orthu. Sa tSeirbia, foráiltear teagmháil le heagraíochtaí na sochaí sibhialta leis an tionscadal nuair a bheifear ag déileáil le saincheisteanna rialaithe SALW.

Is iad pobail na ndlínsí in SEE agus a chomharsanacht Eorpach a chuirtear i mbaol mar gheall ar úsáid SALW agus CA aindleathach i ngníomhaíochtaí coiriúla, sa sceimhlitheoireacht agus i mí-úsáid fhoréigneach a bheidh mar thairbhithe indíreacha.

Beidh an tAontas agus údaráis na mBallstát a bhfuil sainordú acu mar thairbhithe indíreacha ag na tionscadail freisin mar go mbainfidh siad tairbhe as acmhainneachtaí rialaithe feabhsaithe SALW agus CA in SEE trí, *inter alia*, malartuithe faisnéise níos fearr, chomh maith le bearta comhordúcháin agus comhair amhail rioscaí a shainaithint, fiosrúcháin agus rianú a dhéanamh, agus SALW agus CA aindleathach a bhrath agus a urghabháil.

## 7. **Infheictheacht an Aontais**

Déanfaidh ESCE gach beart iomchuí chun a phoibliú gur chistigh an tAontas an ghníomhaíocht seo. Déanfar bearta mar sin i gcomhréir le Lámhleabhar Cumarsáide agus Infheictheachta an Choimisiúin le haghaidh Gníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais Eorpaigh. Ar an gcaoi sin, áiritheoidh ESCE infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais, trédhearcacht a ghníomhaíochtaí á háirithiú, agus feasacht á múscailt ar na cúiseanna leis an gCinneadh seo maille le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh seo agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais le feiceáil go soiléir ar ábhar a tháirgtear tríd an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir leis an mbratach a úsáid agus a atáirgeadh go cruinn.

Ós rud é go bhfuil na gníomhaíochtaí beartaithe an-éagsúil ó thaobh raon feidhme agus cineál de, bainfear úsáid as réimse uirlisí fógraíochta, lena n-áirítear: na meáin thraidisiúnta; suíomhanna gréasáin; na meáin shóisialta; agus ábhair faisnéise agus fógraíochta lena n-áirítear grafaicí faisnéise, bileoga, nuachtlitreacha, preaseisiúintí agus nithe eile, mar is iomchuí. Déanfar foilseacháin, imeachtaí poiblí, feachtais, trealamh agus oibreacha tógála arna soláthar faoi gach tionscadal a bhrandáil dá réir sin. Chun go mbeidh tionchar níos mó ag an tionscadal, déanfar feasacht a mhúscailt i ndlínsí agus i ndaonraí éagsúla, sa phobal idirnáisiúnta agus sna meáin áitiúla agus idirnáisiúnta trí dhul i dteagmháil le gach ceann de na spriocghrúpaí tionscadail sa teanga iomchuí.

Cuirfear infheictheacht an Aontais chun feidhme ar leibhéal na ndlínsí trí mhisin allamuigh ESCE agus ar leibhéal ESCE tríd an Rúnaíocht.

## 8. **Ré**

Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó Chinntí (CBES) 2017/1424 agus 2019/2009 ón gComhairle a chur chun feidhme, agus raon feidhme leathan na gníomhaíochta, líon na dtairbhithe agus líon agus castacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe á gcur san áireamh, is é 36 mhí an tréimhse don chur chun feidhme.

## 9. **Eintiteas cur chun feidhme teicniúil**

Cuirtear cur chun feidhme teicniúil an chláir seo faoi chúram Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí / Aonad Tacaíochta Fhóram Comhair Slándála Rúnaíocht ESCE agus na sé (6) cinn de mhisin allamuigh ESCE in SEE agus ról comhordúcháin ag an Aonad Tacaíochta freisin. I gcás inarb infheidhme, cuirfidh an Rannóg um Bagairtí Trasnáisiúnta tacaíocht chomhairleach ar fáil laistigh de Rúnaíocht ESCE. Tá Aonad Tacaíochta um Chlárú agus Meastóireacht de chuid Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí Rúnaíocht ESCE páirteach mar bhreathnóir sa Choiste Stiúrtha.

## 10. **An Coiste Stiúrtha**

Beidh an Coiste Stiúrtha le haghaidh na gníomhaíochta seo comhdhéanta d’ionadaithe thar ceann an Ardionadaí, Thoscaireachtaí an Aontais i ndlínsí agus na n-eintiteas cur chun feidhme dá dtagraítear i gcaibidil 4 den Iarscríbhinn seo.

Áiritheoidh an t-eintiteas cur chun feidhme, agus cabhair aige ón gCoiste Stiúrtha, go gcuirfear an tionscadal chun feidhme i gcomhordú leis an gcúnamh gaolmhar eile a thugann an tAontas do dhlínsí in SEE, amhail Oifig Chónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú (BAFA) (arna tacú le Cinntí (CBES) 2018/101 ([5]) agus (CBES) 2017/915 ([6]) ón gComhairle), leis an gcomhar réigiúnach leis na Balcáin Thiar i réimse rialaithe SALW arna chur chun feidhme le UNDP/SEESAC (arna thacú le Cinntí (CBES) 2019/2011 ([7]), (CBES) 2018/1788 ([8]) agus (CBES) 2016/2356 ([9]) ón gComhairle), agus le comhar forfheidhmithe dlí AE-SEE i réimse na gáinneála arm tine (arna thacú le DG HOME an Choimisiúin, Europol agus 'airm thine' EMPACT).

Tabharfaidh an Coiste Stiúrtha cuireadh d'ionadaithe ó chomhpháirtithe na ndlínsí in SEE ar bhonn rialta. Is féidir leis an gCoiste Stiúrtha cuireadh a thabhairt d'ionadaithe na n-eintiteas atá páirteach i dtionscadail in SEE a bhfuil cuspóir comhchosúil nó gaolmhar acu freisin. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha cur chun feidhme an Chinnidh seo a athbhreithniú go rialta, uair amháin ar a laghad gach 6 mhí, lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha cumarsáide a úsáid.

11. **Tuairisciú**

Cumhdófar sa tuairisc, ina mbeidh cur síos mionsonraithe agus sonraí airgeadais, an ghníomhaíocht iomlán a gcuirtear síos uirthi sa chomhaontú ábhartha ranníocaíocht-shonrach agus sa bhuiséad a ghabhann leis, bíodh an ghníomhaíocht sin á maoiniú go hiomlán nó á cómhaoiniú leis an gCinneadh ón gComhairle.

Déanfaidh ESCE an tuairisciú chuig an CE/AE trí an Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí / Aonad Tacaíochta an Fhóraim Comhair Slándála, eadhon tríd an bhfoireann cur chun feidhme tionscadail faoi Thionscadal 7.

---

([5]) *Council Decision (CFSP) 2018/101 on the Promotion of Effective Arms Export Controls* [Cinneadh (CBES) 2018/101 ón gComhairle maidir le Rialuithe Éifeachtacha ar Onnmhairiú Arm a Chur Chun Cinn] (IO L 17, 23.1.2018, lch. 40).

([6]) *Council Decision (CFSP) 2017/915 on Union outreach activities in support of the implementation of the Arms Trade Treaty* [Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm] (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38).

([7]) *Council Decision (CFSP) 2019/2111 of 9 December 2019 in support of SEESAC disarmament and arms control activities in South-East Europe reducing the threat of illicit small arms and light weapons and their ammunition* [Cinneadh (CBES 2019/2111 ó gComhairle an 9 Nollaig 2019 lena dtacaítear le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe arm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa lena laghdaítear an bhagairt a bhaineann le mionairm agus airm éadroma aindleathacha, mar aon lena n-armlón] (IO L 318, 10.12.2019, lch. 147).

([8]) *Council Decision (CFSP) 2018/1788 of 19 November 2018 in support of the South-Eastern and Eastern Europe Clearinghouse for the Control of Small Arms and Light Weapons (SEESAC) for the implementation of the Regional Roadmap on combating illicit arms trafficking in the Western Balkans* [Cinneadh (CBES) 2018/1788 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 lena dtacaítear le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa le Rialú a Dhéanamh ar Mhionairm agus Armáin Éadroma (SEESAC) le haghaidh cur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir le gáinneáil arm aindleathach sna Balcáin Thiar a chomhrac] (IO L 293, 20.11.2018, lch. 11).

([9]) *Council Decision (CFSP) 2016/2356 of 19 December 2016 in support of SEESAC disarmament and arms control activities in South- East Europe in the framework of the EU Strategy to combat illicit accumulation and trafficking of SALW and their ammunition* [Cinneadh (CBES) 2016/2356 ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 lena dtacaítear le gníomhaíochtaí dí-armála agus rialaithe airm SEESAC in Oirdheisceart na hEorpa faoi chuimsiú Straitéis an Aontais chun carnadh agus gáinneáil aindleathach SALW agus a n-armlóin a chomhrac] (IO L 348, 21.12.2016, lch. 60).